

Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Aighneacht Shéamais Uí Thuathail Abhcóide Sinsir

chuig an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta

1. Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)

Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Moltaí:

- Tá na dualgais seo riachtanach.
- Ba chóir an méad seo a leanas a chur le haon scríbhinn nó post leictreonach eisithe go dátheangach:
 - (a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
 - (b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann,
 - (c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,
 - (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus
 - (e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

2. Foilseacháin faoi alt 10 den Acht

Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?



Moltaí:

- Ba chóir na cáipéisí luaite san Acht a choinneáil agus gan an liosta a leasú ar mhaithe le hairgead a shábháil. Céard is fiú daoine a spreagadh agus oiliúint le Gaeilge a úsáid muna mbíonn cáipéisí ,srl.. ann dóibh sa todhchaí le húsáid (tá moladh eile thíos ar chonas airgead a shábháil)
- Ba chóir cur leis an liosta agus aon fhoirm clóite nó leictreonach a bhainfeadh an pobal úsáid as a chur san áireamh chomh maith le suíomhanna gréasáin
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo)
- Ba chóir go mbeadh gach cáipéis chorpáraideach ar fáil go leictreonach amháin (d'fhéadfadh na comhlachtaí poiblí nó na leabharlanna cóipeanna aonaracha de na cáipéisí a chur i gcló ar ghnáth inneall fótachóipeála d'aon duine gan teacht ar ríomhaire. Sábhálfadh a leithead de mholadh na milliúin euro ar an Stáit gach bliain mar gheall nach mbeadh orthu na mílte cáipéis chorpáraideach a chur i gcló¹)

3. Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)

Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Moltaí:

- Tá na dualgais seo riachtanach.
- Cuireann comharthaí tráchta féin-íomhá tíre in iúl agus bíonn tionchar acu ar dhearcadh an phobail i leith thábhacht na teanga. Ní chóir go mbeadh eisceacht déanta dóibh in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ní moladh é seo le gach comhartha tráchta a athrú thar oíche ach ba chóir go mbeadh soláthar déanta san Acht go mbeidh sé riachtanach go mbeadh aon chomhartha nua crochadh faoi na rialacháin céanna is a bhaineann le comharthaí i gcomhlachtaí poiblí, mar atá luaite thíos:

(a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,

¹ Dar ndóigh, tá argóint láidir ann nach léann mórán daoine na cáipéisí curtha i gcló i nGaeilge nó i mBéarla, agus dóibh siúd a léann go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas i leagan leictreonach d'aon cháipéis mar gur féidir le duine cuardach a dhéanamh le haghaidh focail nó téarma go gasta.

(b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann,

(c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,

(d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus

(e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

- Tá lógó comhlachta lárnach d'íomhá an chomhlachta sin. Ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh de lógónna comhlachtaí poiblí ar chomharthaí agus stáisiúineoireacht ach féachaint chuige go mbeidh an Ghaeilge chomh feiceálach ar gach lógó nua comhlachta poiblí feasta.
- Maidir le híomhá na tire seo mar thír dhátheangach thar sáile, ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh de fheidhmiú comhlachtaí poiblí thar lear: na hambasáid, Coláiste nan Gael sa Lbháin, srl.

4. Scéimeanna Teanga faoin Acht

Is iad na scéimeanna teanga croí-lár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4.(a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?

4.(b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

Moltaí:

- (a) Teastaíonn leasú air. Ba chóir go mbeadh comóntacht idir na seirbhísí éagsúla a chuirtear ar fáil tríd na scéimeanna chomh fada is atá sé praiticiúil. Dar ndóigh, cuirfidh comhlachtaí stáit áirithe le sainchúraimí faoi leith sainseirbhísí ar fáil don phobal.
Ba chóir go mbeadh sé mar riachtanas i ngach scéim go mbeidh ar an gcomhlacht poiblí a bheith gníomhach ag cur in iúl don phobal na seirbhísí as Gaeilge atá ar fáil uaidh.
- (b) Go bhforbrófaí córas nua le caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin seachas scéimeanna amháin.

5. Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht

Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5.(a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

5.(b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

Moltaí:

- (a) Níl aon chinnteacht ó thaobh seirbhíse a bheith ar fáil trí Ghaeilge ón Stát sa Ghaeltacht nó ar an gcaighdeán Gaeilge a bheidh ar fáil má tá seirbhís Ghaeilge ar fáil
- (b) Ba chóir go mbeadh sé mar chuid den Acht go mbeidh, taobh istigh de 5 bliana, gach seirbhís ar fáil do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a bheith ar comhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile agus an Ghaeilge a bheith mar theanga oibre do gach comhlacht poiblí sa Ghaeltacht.

6. Forálacha eile faoin Acht

Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Moltaí:

- Ní leor na forálacha seo.

Ina theannta sin, mar abhcóide sinsir cleachtadh a dhéanann sciar mhaith dá chuid oibre trí Ghaeilge molaim na leasuithe áirithe seo maidir le Tithe an Oireachtais agus maidir leis na Cúirteanna:

Tithe an Oireachtais:

Is ceist an-mhór í conas labhairt na Gaeilge a spreagadh i dTithe an Oireachtais toisc go bhfuil an oiread taithí ag na baill ar Bhéarla a bheith ina teanga cheannasach ann. Briseadh nós na Spáinnise sa Chatalóin agus is í an Chatalónais teanga oibre na Parlaiminte rialtais bhaile ansin.

Ba cheart an leithscéal a bhaint de bhaill nach labhraíonn Gaeilge san Oireachtas tríd an tseirbhís ateangaireachta a chur ar bhonn reachtúil:

“D’fhonn a chinntiú nach mbeidh aon duine faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfaigheann sé nó sí éisteacht sa teanga oifigiúil eile, cuirfear cibé saoráidí ar fáil chun ateangaireacht chomhuaineach a dhéanamh ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile.”

Ansin, féadfar feachtas a chur ar bun chun labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na mball. An constaic is mó ina thaobh seo, ar ndóigh, is ea go mbíonn na Billí a phléitear i mBéarla amháin nach mór i gcónaí.

Is deacair Bille a phlé i nGaeilge nó leasú a mholadh má tá an Bille as Béarla amháin. Srianáíonn sé an ceart ceachtar de na teangacha oifigiúla a úsáid in imeachtaí an Oireachtais. Mholfainn an leasú seo a leanas in ionad alt 7(1) agus alt 7(2) a aisghairm:

“7. (1) Achtófar, clófar agus foilseofar gach Bille agus gach Acht den Oireachtas go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.”

(cf. alt 6 Acht Teangacha Oifigiúla Cheanada)

Ar an ábhar céanna ba chóir Riar na hOibre agus an Iris Oifigiúil a leagan amach go dátheangach chun úsáid na Gaeilge san Oireachtas a áisiú agus a éascú (cf. alt 5 Acht Teangacha Oifigiúla Cheanada);

“7. (2) Clófar agus foilseofar Riar na hOibre do gach Teach den Oireachtas agus an Iris Oifigiúil go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.”

Tá formhór na reachtaíochta ar fáil i rialacháin (ionstraimí reachtúla) agus is deacair ciall a bhaint as Acht gan iad. Ó thaobh rochtain ar an Dlí de, níl ciall le hAcht a bheith i nGaeilge agus na rialacháin a bheith as Béarla amháin. Mholfainn an leasú seo:

“7. (3) Déanfar, clófar agus foilseofar gach ionstraim reachtúil lena mbaineann an tAcht Ionstraimí Reachtúla 1947 go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.” (alt 7 Cheanada)

In ainneoin go mbíonn téacs Gaeilge gach Conartha den AE ar aon chéim leis na téacsanna eile, ní gnáth go mbíonn téacs Gaeilge ann de chonarthaí idirnáisiúnta eile ar nós an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine. Mholfainn leasú mar seo a leanas chun íomhá agus féin-íomhá an Stáit mar stát dátheangach a laidriú (cf. alt 10 Cheanada):

“7. (4) Tógfaidh an Rialtas gach céim is féidir chun a chinntiú go bhfíordheimhneofar aon chonradh nó coinbhinsiún idir Éire agus stat nó stáit eile i ngach ceann de na teangacha

oifigiúla.”

Maidir le halt 8 Cheadana, tá cosúlacht aige le alt 10(a) den Acht Éireannach lena bhforáiltear go bhfoilseoidh comhlacht poiblí aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, a dhéanfaidh sé nó a dhéanfar faoina údarás, go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Ba cheart seasamh leis an bhforáil sin chun cur le húsáid na Gaeilge i dTithe an Oireachtais.

Na Cúirteanna

Ba chóir go mbeadh breitheamh i gcás a reachtáiltear as Gaeilge nó go dátheangach (Gaeilge/Béarla) in ann Gaeilge a thuiscint agus an cas a éisteacht inti gan chabhair ó ateangaire. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta agus chinnteodh sé triail chothrom agus rochtain cheart ar na cúirteanna (cf. alt 16 Cheadana). Mholfainn an leasú seo a leanas:

“8. (3)A Tá dualgas ar gach cúirt, seachas an Chúirt Uachtarach, in aon imeachtaí sibhialta os a comhair, a chinntiú

“(a) más Gaeilge an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire;

“(b) más Béarla an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Béarla a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire; agus

“(c) más Gaeilge agus Béarla ar aon na teangacha atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge agus as Béarla ar aon a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire.”

D'fhéadfaí a éileamh go mbeadh na breithiúna nó na hoifigigh i gceist cláraithe ar Chlár Gaeilge Óstaí an Rí nó Clár Gaeilge an Dlí-Chumainn de bhun Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008.

Ba chóir breithiúnas a thabhairt sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla a reachtálann na páirtithe a dtaobh sin den chás trína meáin mar chuirteís do na páirtithe (cf. alt 20 Cheadana).

Mholfainn an leasú seo a leanas:

8.(7) Tá dualgas ar gach cúirt in aon imeachtaí os a comhair, a chinntiú

“(a) más Gaeilge an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith go dtabharfar gach breithiúnas agus go ndréachtófar gach ordú sa chúis i nGaeilge;

“(b) más Béarla an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith go dtabharfar gach breithiúnas agus go ndréachtófar gach ordú sa chúis i mBéarla; agus

“(c) más Gaeilge agus Béarla ar aon na teangacha atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith go dtabharfar gach breithiúnas agus go ndréachtófar gach ordú sa chúis i nGaeilge agus i mBéarla ar aon.”

Cúrsaí Coiriúla – Teanga an Ionchúisimh

Tá an tAcht Teanga Éireannach ina thost, cuid mhaith, maidir le cúrsa coiriúla in ainneoin gur faoin gcóras sin is ea a thugtar ar an saoránach de bhun próise éigeantaí freastal ar imeachtaí Cúirte a gcuirtear gníomh coiriúil in leith lena linn agus ar féidir piónós airgeadais a ghearradh air nó a shaoirse a bhain de dá ndeasca.

Ba chóir cúisí a ionchúiseamh sa teanga oifigiúil a roghnaíonn sé/sí, faoi mar a tharlaíonn i gCeanada. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta. An íoróin a bhaineann leis seo is ea go réachtáltar imeachtaí CAB sa teanga a roghnaíonn an cosantóir ó tharla gur imeachtaí sibhialta iad. Mholfainn an leasú seo a leanas:

“8.(4)A (a) Seolfar ionchúiseamh coiriúil sa teanga oifigiúil atá roghnaithe ag an gcúisí a úsáid sna himeachtaí agus más gá seolfar trialacha ar leith i gcás comhchúisithe chun a ceart seo a chur i bhfeidhm.”

“(b) Más rud é nach roghnaíonn cúisí teanga oifigiúil ar leith a úsáid sna himeachtaí déanfaidh an t-ionchúisitheoir cibé teanga oifigiúil is dealraitheach dó a bheith réasúnach, ag féachaint do na himthosca, a úsáid sna himeachtaí.

“(c) Ní foláir don bhreitheamh a dtagann an cúisí os a chomhair i gcéadair an ceart seo a chur in iúl dó nó di.”

Cúrsaí Coiriúla – Teanga na Cúirte

I gcás ina mbeidh Gaeilge in úsáid ag cúisí, ba chóir an breitheamh agus an giúiré (más ann) a bheith in ann Gaeilge a thuiscint agus an cas a éisteacht inti gan chabhair ó ateangaire faoi mar a tharlaíonn i gCeanada. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta agus chinnteodh sé triail chothrom agus rochtain cheart ar na cúirteanna. Is constaic an-mhór é ateangaire a chur idir páirtí (nó a abhcóide) agus an Chúirt. Is measa ar fad é seo agus inchreideacht fínnéithe i gceist. Tá sé an-tábhachtach go dtabharfaí breithiúnas ar inchreideach cúisí ar a chuid focal féin seachas aistriúchán, míchruinn b'fhéidir, a thagann ar ball, a chuireann cuma amhrasach ar an gcúisí Gaeilge.

Tá cas maidir le ceart cúisí (Gaeltacha) go gcuirfí ar a thriail é os comhair giúiré dháttheangaigh le héisteacht sa Chúirt Uachtarach ar ball ach ní cosc é sin ar an Acht a leasú mar seo a leanas:

“8.(3)B Tá dualgas ar gach cúirt choiriúil in aon triail nó achomharc os a comhair, a chinntiú

“(a) más Gaeilge an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin, agus giúiré a éistfidh an triail más ann, inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire;

“(b) más Béarla an teanga atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin, agus giúiré a éistfidh an triail más ann, inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Béarla a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire; agus

“(c) más Gaeilge agus Béarla ar aon na teangacha atá roghnaithe ag na páirtithe a úsáid sna himeachtaí os a comhair in aon chás ar leith, go mbeidh gach breitheamh nó oifigeach eile a éistfidh na himeachtaí sin, agus giúiré a éistfidh an triail más ann, inniúil ar fhianaise agus aighneachtaí as Gaeilge agus as Béarla ar aon a thuiscint gan chúnamh ó ateangaire.”

An Ghaeltacht:

Ba chóir an Ghaeilge a bheith mar theanga oibre gach cúirte sa Ghaeltacht ach cead ag baill den phobal láithriú iontu as Béarla más mian leo nó, muna bhfuil Gaeilge ná Béarla acu, i dteanga eile trí ateangaire. Ní hea ról na gCúirteanna an Ghaeltacht a Bhéarlú. Tá dualgas mar seo i bhfeidhm cheana le halt 135(8)(b) den Acht Pleanála 2000 mar a leanas maidir le éisteacht poiblí ó bhéal de chuid an Bhord Pleanála:

“(b) I gcás ina mbaineann éisteacht ó bhéal le forbairt laistigh den Ghaeltacht, seolfar an

éisteacht trí mheán na Gaeilge, mura gcomhaontóidh na páirtithe san achomharc nó sa tarchur lena mbaineann an éisteacht gur cóir an éisteacht a sheoladh i mBéarla.”

Leasuithe molta:

“8.(8) I gcás suí cúirte laistigh den Ghaeltacht, seolfar na himeachtaí trí mheán na Gaeilge gan dochar do chearta aon pháirtí nó aon fhinné a rogha teanga a úsáid faoi réir na bhforálacha thuas.”

“8.(9) I gcás dúiche nó cuaird a bhfuil limistéar Gaeltachta ann, reáchtálfar suí amháin den Chúirt Dúiche agus suí amháin den Chúirt Chuarda sa limistéar sin ar a laghad in aghaidh na bliana. Reáchtálfar suí amháin den Chúirt Dúiche agus suí amháin den Chúirt Chuarda ar a laghad in aghaidh na téarma dlí i nGaeltacht Dhún na nGall, i nGaeltacht Chonamara agus i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.”

7. Comhlachtaí poiblí faoin Acht

Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.

Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?

Moltaí:

- Níl sé iomlán
- Ba chóir go huathoibríoch go gcuirfear aon chomhlacht poiblí nua a bhunófar amach anseo ar liosta na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus nach mbeadh gá fanacht ar mholadh ón Aire
- Sa chás go gceapann nó go n-údaráíonn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht de chineál ar bith eile le feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal ba chóir go mbeadh na dualgais céanna acu is atá ag an gcomhlacht poiblí le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge don feidhm a cheapfar iad a chur i gcríoch ar son an chomhlachta poiblí
- Ba chóir go dtiocfadh aon chomhlacht gur leis an stát é (bainc, comhlachtaí leath-stáit, srl. san áireamh) faoin Acht nó aon chomhlacht a fhaigheann ceadúnas ón stát le gníomhú sa tír (ní chosnóidh seo airgead ar an Stát agus bheadh go leor leor seirbhísí breise curtha ar fáil dá bharr)

8. Oifig an Choimisinéara Teanga

Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Moltaí:

- BA CHÓIR GO gCOINNEOAÍ OIFIG AN CHOIMINÉARA TEANGA MAR OIFIG NEAMHSPLEÁCH
- Ba chóir ról monatóireachta a thabhairt d'Oifig an Choimisinéara Teanga ar chur i bhfeidhm an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

GO GINEARÁLTA

9. 9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?

Moltaí:

- Ba chóir go ndéanfaí rialacháin faoi alt 9 den ATO maidir le fógraíocht agus fógráin, m.sh. go mbeadh 20% d'fhógraíocht comhlachtaí poiblí as Gaeilge nó sna meáin Ghaeilge
- Ba chóir go ndéanfaí rialacháin go mbeidh líon áirithe daoine i ngach comhlacht poiblí in ann seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge (ní gá go mbeadh Gaeilge ag gach fostaí nua, ach ba chóir go mbeadh Gaeilge ag céatadán áirithe den fhoireann)

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Moltaí:

- Éilím seirbhís trí Ghaeilge ó gach comhlacht poiblí a mbím ag plé leo
- Ba cheart go mbeadh suíomhanna gréasáin na gcomhlachtaí poiblí ar fáil trí Ghaeilge

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?

Moltaí:

- Easpa cumais sa Ghaeilge. Is gá daoine le Gaeilge a earcú agus daoine sa chóras cheana féin a oiliúint sa Ghaeilge.
- Easpa eolais ar mhórchuid na státseirbhíseach faoin tábhacht a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge do phobal na Gaeilge/Gaeltachta. Is gá cúrsaí feasachta teanga.

12. Céard iad na leasuithe a mholfaí ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Moltaí:

- Mar a moladh ceana féin, ba chóir go gcuirfí gach cáipéis chorparáideach ar fáil go leictreonach amháin (d'fhéadfadh na comhlachtaí poiblí nó na leabharlanna cóipeanna aonarach a chur i gcló ar ghnáth inneall fótachóipeála d'aon duine gan teacht ar ríomhaire. Sábhálfadh a leithead de mholadh na milliúin euro ar an Stáit gach bliain mar gheall nach mbeadh orthu na mílte cáipéis chorparáideach a chur i gcló²)
- Ba chóir Oifig an Choimisinéara Teanga a fhágáil mar oifig neamhspleách le hairgead a shábháil ar an Rialtas

Lipéadú:

I dtíortha eile a bhfuil dhá theanga oifigiúla nó tuilleadh acu is dlúthchuid den saol poiblí agus príobháideach an dátheangachas sin. Tá an oiread céanna Fraincis agus Béarla ar an mbosca challóga arbhair fud fad Cheanada. Mar an gceanna maidir le Fraincis agus Ollannais sa Bheilg nó Fionnlannais agus Sualannais san Fhionlainn. Gníomh simplí gan chostas ar bith ar an Stát a bheadh ina leithéid de riachtanas anseo. Féach mar shampla ar na fógraí rabhaidh dátheangacha ar tháirgí tobaic.

Baineann an prionsabal céanna le cláir ríomhaireachta agus le gutháin phóca.

Feidhmeanna an Choimisinéara

Foráiltear le halt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla mar seo a leanas:

Is iad feidhmeanna an Choimisinéara, i dteannta aon fheidhmeanna a thugtar dó nó di le haon fhoráil eile den Acht seo—

[...]

(f) imscrúdú a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh.

² Dar ndóigh, tá argóint láidir ann nach léann mórán daoine na cáipéisí curtha i gcló i nGaeilge nó i mBéarla, agus dóibh siúd a léann go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas i leagan leictreonach d'aon cháipéis mar gur féidir le duine cuardach a dhéanamh le haghaidh focail nó téarma go gasta.

Moladh/Leasú:

Cruthaíonn imlitreacha comhlachtaí poiblí ionchas dlisteanach agus dualgas go ndéanfaidh an comhlacht poiblí dá réir. Ní thagann sé le leagan amach an Achta tabhairt ar an bpobal an Ardchúirt a thabhairt orthu féin má sháraíonn comhlacht poiblí forálacha imlitreach a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla.

Ina theannta sin, is dlúthchuid de Dhlí na hÉireann é Dlí an Aontais Eorpaigh agus ní ceart é a fhágáil ar lár ach oiread. Cuirtear isteach tar éis na bhfocal 'd'aon achtachán eile' an méid seo a leanas:

'agus/nó d'aon imlitir de chuid comhlachta phoiblí agus/nó d' aon fhoráil de chuid Dhlí an Aontais Eorpaigh'

Cumhachtaí an Choimisinéara

Foráiltear le halt 22 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla mar seo a leanas:

22.—(1)(a) Chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Choimisinéara, faisnéis aige nó aici, nó a bhfuil cumhacht nó rialú aige nó aici ar thairfead nó ar rud, a bhaineann leis na críocha réamhráite, aon fhaisnéis, tairfead nó rud den sórt sin a thabhairt don Choimisinéir agus, más cuí, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.

(b) Níl feidhm ag mír (a) den fho-alt seo maidir le faisnéis nó le cibé méid de thairfead a bhaineann le cinntí agus le himeachtaí de chuid an Rialtais nó de chuid aon choiste de chuid an Rialtais agus chun críocha na míre seo is deimhniú críochnaitheach deimhniú a thabharfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais á dheimhniú go bhfuil aon fhaisnéis nó tairfead nó cuid de thairfead bainteach amhlaidh.

Ó tharla ollchumhacht a bheith ag Ard-Rúnaí an Rialtais faoi fho-alt 22(1)(b) ba chóir go mbeadh air/uirthi fáthanna a thabhairt maidir lena chinneadh. Molaim an leasú seo a leanas:

(c) Sa chás go dtabharfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais deimhniú a dtagraítear dó ag mír (b) den fho-alt seo ní foláir dó nó di na fáthanna leis an deimhniú a thabhairt i dteannta an deimhnithe sin.

**Séamas Ó Tuathail AS
An Leabharlann Dlí
27 Eanáir 2012**

Séamas Ó Tuathail
Abhlacadóir